# Treoirleabhar Ard-Mhúsaem na hÉireann

## Saol na Tuaithe

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

## Country Life



Treoirleabhar Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Saol na Tuaithe



Treoirleabhar Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe
© Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2007
ISBN: 978-0-901777-77-5

Téacs: Clodagh Doyle, Paul Doyle, Tom Doyle, Vivian Lynn, Séamas Mac Philib, Rosa Meehan, Deirdre Power, Albert Siggins.

Grianghrafadóireacht: Valerie Dowling, Brendan Doyle; Ulster Folk and Transport Museum, leathanach 30 (barr ar clé); Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Leathanach 9;Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, leathanach 26; A.T. Lucas, leathanach 10, 14, 15; John C. O'Sullivan, leathanach 16, 21 (barr), 29; Breandán Ó Ríordáin, leathanach 30 (barr ar dheis); S. Mac Philib, leathanach 40; Estelle Barrett-Morgan, leathanach 19 (barr), 24 (barr ar dheis); H. Becker, (barr ar dheis) leathanach 32; T.H. Mason, leathanach32 (barr ar clé ), 35 (barr), 37 (clé); R. J. Welch, leathanach26, 30 (bun), 31 (barr) and (bun ar clé), 33 (lár), 35 (bun), 36.

Cearta uile forchoimeádta. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a chóipeáil, a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála eolais, a chraoladh nó a tharchur in aon fhoirm nó in aon bhealach leictreonach, meicniúil, trí fhotachóipeáil nó taifeadadh nó ar bhealach ar bith eile gan cead a fháil roimh ré i scríbhinn ó na foilsitheoirí.

# Clár:


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá | | 5 |
| Teach agus Gairdíní Pháirc Thurlaigh | | 6 |
| Taispeántais | | |
| Leibhéal – A | Rómánsaíocht agus Réadúlacht Bailiúchán Shaol Tíre na hÉireann | 9 |
| Leibhéal – B | An Seansaol | 12 |
| | An Timpeallacht Nádúrtha | 14 |
| Leibhéal – C | Ceirdeanna agus Ceardaíocht | 17 |
| | An Saol sa Phobal | 22 |
| | Ag obair ar Thalamh agus ar Mhuir | 26 |
| | Gníomhaíochtaí sa Bhaile | 34 |
| Leibhéal – D | Fórsaí chun Athraithe | 38 |


Tá plean urláir ar chúl an treoirleabhair seo.

Tá taispeántais de shaol traidisiúnta na tuaithe in Éirinn (idir 1850 agus 1950) de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann in áiléir ar cheithre urlár



Taobh istigh de na háiléir thaispeántais



# Réamhrá

Is é Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe an t-ionad ina gcoinnítear Bailiúchán Shaol Tíre na hÉireann agus bailiúchán náisiúnta na nithe a sheasann do shaol traidisiúnta na hÉireann. I Meán Fómhair na bliana 2001 osclaíodh an músaem i bPáirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo, de thoradh ar chomhoibriú idir Ard Mhúsaem na hÉireann, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Chontae Mhaigh Eo. Bíonn an deis ag cuairteoirí agus taighdeoirí sa mhúsaem breathnú ar shaol traidisúnta na hÉireann trí ábhair, íomhánna agus cartlanna cuimsitheacha a bailíodh le beagnach céad bliain.

Tá áiléir thaispeántais an Mhúsaeim lonnaithe i bhfoirgneamh speisialta le cumhdach cloiche deartha ag Seirbhísí Ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí. Díríonn na taispeántais, atá ar cheithre urlár ar nósanna agus ar fhéilte, ar fheirmeoireacht agus ar iascaireacht, ar cheirdeanna agus ceardaíocht, ar an saol sa bhaile (troscán agus feistithe) chomh maith leis na héadaí a rinne agus a chaith muintir na tuaithe i rith na tréimhse 1850 – 1950.  Úsáidtear píosaí scannáin neamhchoitianta agus grianghraif d'fhonn na suíomhanna bunaidh ina ndearnadh agus ina n-úsáideadh na hábhair éagsúla a athchruthú. Is iad na taispeántais an obair is feiceálaí a dhéanann an músaem, ach tá ról acadúil agus oideachasúil aige chun staidéar a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le heitneolaíocht na hÉireann, chun ábhair mar sin a bhailiú, a chaomhnú agus eolas a scaipeadh futhu.

San áireamh in ollionad an mhúsaeim tá áiléir thaispeántais, áiseanna stórála don bhailiúchán cúltaca, seomraí oideachais agus saotharlann ina ndéantar caomhnú. Is iad na háiseanna poiblí atá ann ná bialann, siopa leabhar agus leabharlann chomh maith le hoifigí foirne atá lonnaithe i dTeach Pháirc Thurlaigh – an teach Victeoiriach cónaithe a bhí ag Muintir Mhic Gearailt. Tá parlús agus leabharlann an 'Tí Mhóir' ar oscailt don phobal agus tá siad cóirithe mar a d'fhéadfadh siad a bheith sa bhliain 1900.

# Teach agus Gairdíní Pháirc Thurlaigh

Ba é Páirc Thurlaigh an baile a bhí ag Muintir Mhic Gearailt ar tugadh an eastát dóibh faoi shocruithe talún Chromail i lár an tseachtú haois déag. Tagann ainm an bhaile agus an eastáit ón bhfocal Gaeilge turlach, a chiallaíonn loch a thriomaíonn i rith an tsamhraidh.

Tá cloigtheach suntasach le feiceáil ó thailte an mhúsaeim, is ceann de chuig cinn é atá fós ina sheasamh i gCo. Mhaigh Eo; meastar go coitianta go mbaineann sé leis an aonú nó an dara céad déag agus go bhfuil baint aige le láthair mhainistreach. Deirtear gurb é Naomh Pádraig féin a bhunaigh an séipéal i dTurlach.

Bhí os cionn 8,500 acra in eastát Thurlaigh agus nuair a bhí an t-eastát i mbarr a réime bhí go leor searbhóntaí ag teastáil taobh istigh agus oibrithe eastáit lasmuigh chun an teach agus an talamh a chothabháil. Sa bhliain 1915 cheannaigh Bord na gCeantar Cúng, a bunaíodh chun feabhsaithe eacnamaíocha a chur chun cinn ar an gcósta thiar, eastáit muintir Mhic Gearailt agus d'athdháil an Bord an talamh chomh maith.



Teach gloine nua-aimseartha saorsheasaimh a tógadh ar dhúshraith bhunaidh de theach gloine adhmaid Victeoiriach

Anois tá mórán crann breá fásta ar shuíomh an mhúsaeim, oidhreacht í sin ón bhfearann páirce a leagadh amach don teach a bhí ann san ochtú haois déag (atá ina fhothrach anois) ar bhealach báúil le luí na talún. Tá iarsmaí den teach ón ochtú haois déag le dronn chun tosaigh air le feiceáil ar thaobh na láimhe deise den ascaill gar don gheata isteach chuig Páirc Thurlaigh. I lár an naoú haois déag rinneadh athdhearadh agus cóiriú ar na gairdíní san fhaisean Victeoiriach agus iad in oiriúint don teach ar an gcnoc a tógadh sa bhliain 1865. Ar na gnéithe nua a cuireadh isteach bhí ardáin féir, oileáin phicnice, ceapacha foirmiúla bláthanna agus faiche croquet agus cúirt leadóige. Cuireadh damba sa turlach chun loch a chruthú. Tógadh an teach gloine nua-aimseartha saorsheasaimh ar bhunchlocha teach gloine agus adhmaid Mhic Gearailt agus athúsáideadh na tíleanna urláir a téadh de láimh chomh maith le maisiúchán iarainn don díon. Meastar gurb é Richard Turner, máistir iarainn Bhaile Átha Cliath a dhear an tSraith Chuarlíneach i nGarraithe Náisiúnta na Lus i mBaile Átha Cliath, a dhear an teach fíniúna taobh leis na stáblaí. Rinneadh na geataí iontrála ina



Teach Pháirc Thurlaigh a tógadh i 1865 agus na háiléir thaispeántais nua-aimseartha saintógtha ar a chúl

theilgcheárta iarainn i mBaile Átha Cliath. Thug Bord Fáilte Éireann agus Great Gardens of Ireland Restoration Programme tacaíocht d'athchóiriú fairsing na ngairdíní Victeoiriacha agus d'athchóiriú an fhearainn páirce.

Ba é an t-ailtire Thomas Newenham Deane a dhear Teach Pháirc Thurlaigh. Ba é siúd a dhear teampall Eaglais na hÉireann i gCathair na Mart agus foirgneamh Ard-Mhúsaem na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath. Tugadh 'Gotach Victeoiriach' ar stíl ailtireachta an tí. Ardaíonn an teach dhá stór go díon le claonadh ard agus fuinneoga dormánta ann. Tá póirse lárnach oscailte Gotach le dátchloch 1865 an tí ann.

Is teach déanta d'aolchloch liath áitiúil é agus maisíodh aghaidh an tí le haolchloch ghlasliath, bhándearg agus dhubh chomh maith le clocha saothraithe. Tráth dá raibh bhí an chistin agus bloc stáblaí sa limistéar seirbhíse. Tá dátchloch ó 1722 ionsuite in aghaidh an bhloic stáblaí - seans go mbaineann sé leis an teach bunaidh ón ochtú haois déag.

Tá armas Mhuintir Mhic Gearailt agus an manna *Honor Probataque Virtus* (Onóir, Ionracas agus Suáilce) ar fhuinneog mhaorga dhaite os cionn an phóirse. Scaoileann an fhuinneog solas isteach sa halla iontrála dhá stór le painéal darach agus staighre starrmhaidithe de chloch Portland. Is samplaí iad an teallach marmair carrara sa halla agus an teallach marmair Chonamara sa seomra bia den tóir a bhí ar mharmar sa naoú haois déag.

Tá an parlús agus an leabharlann ar urlár na talún i dTeach Pháirc Thurlaigh oscailte don phobal. Tá siad maisithe sa stíl a bhí ann i 1900. Bhíodh tithe na n-uaisle maisithe i meascán de stíleanna a bailíodh thar na blianta fada. Tá pianó mahagaine lírachórdach a tógadh i lár an naoú haois déag i gCorcaigh, nead de thrí bhord a rinneadh timpeall 1900 i gCill Airne, Co. Chiarraí agus earraí airgid, criadóireachta agus earraí gloine ón tréimhse ann. Ba sa leabharlann, áit le staidéar a dhéanamh, a d'íocadh tionóntaí na nGearaltach an cíos gach ráithe.



## Rómánsaíocht agus Réadúlacht
## Bailiúchán Shaol Tíre na hÉireann



Tugann Coimisiún Béaloideas Éireann agus cairde cuairt ar an gcéad taispeántas de shaol na tuaithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara i 1937

Ó chlé: Seán Mac Giollarnáth, Séamus Ó Duilearga (Stiúrthóir an Choimisiúin), An tAth. Eric Mac Fhinn, Adolf Mahr (Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann), Osborn Bergin, Hans Hartmann, Peadar Mac Fhionnlaoich, Liam Price, Rev. John G. O'Neill, Leon Ó Broin, Éamonn Ó Donnchadha, Louis Maguidhir, Åke Campbell, Michael Heaney

Tagann an t-ábhar ar taispeáint sna háiléir ó Bhailiúchán Shaol Tíre na hÉireann de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann agus baineann sé le saol traidisiúnta na hÉireann. Bunaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi reachtaíocht sa bhliain 1877. Ba é an príomhfhócas a bhí ag an músaem i ndiaidh an ama seo agus ar feadh na mblianta ná stair nádúrtha, seaniarsmaí na hÉireann, na healaíona maisiúla agus stair. Ní dhearnadh aon bhailiú suntasach d'ábhar a bhain leis an saol traidisiúnta.

Faoi bhlianta deireanacha na 1920idí áfach, bhí Stát nua na hÉireann ag tabhairt tacaíochta d'iarrachtaí chun béaloideas na hÉireann a thaifeadadh agus a bhailiú. Bhain na hiarrachtaí seo cuid mhór le hathbheochan na teanga agus ba í an bhuaic ná bunú Choimisiún Béaloideas Éireann sa bhliain 1935. Bhí roinnt mhaith de bhailitheoirí an Choimisiúin an-ghníomhach ag bailiú earraí traidisiúnta, a tugadh don Ard-Mhúsaem. Sa bhliain 1937 osclaíodh an chéad taispeántas ar an traidisiún dúchais san Ard-Mhúsaem faoi Adolf Mahr, stiúrthóir an Mhúsaeim a rugadh san Ostair.



Taispeánann James Loughran (ar clé) ó Ghleann na bhFiach, Co. Lú, an diallait phaca a rinne sé as súgán do Michael J. Murphy ó Choimisiún Béaloideas Éireann, 1961

Níor chuir Ard-Mhúsaem na hÉireann tús dáiríre le bailiú ábhair a bhain leis an traidisiún dúchais go dtí gur ceapadh A.T. Lucas sa bhliain 1949 le Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann, agus cúram faoi leith aige ábhar a bhain leis an saol traidisiúnta a bhailiú. Cuireadh tús ansin le tréimhse dhian bhailiúcháin a mhair ar feadh roinnt blianta. Ceapadh tuilleadh foirne le obair a dhéanamh i saol na tuaithe sna 1960idí agus sna 1970idí agus bunaíodh Rannóg Shaol Tíre na hÉireann go foirmiúil sa bhliain 1974.

Cé gur fhás bailiúchán shaol tíre na hÉireann go tapa d'fhan an t-ábhar a bailíodh i stóras ar feadh na mblianta mar nach raibh ionad oiriúnach buan ann chun an t-ábhar a thaispeáint agus ní fhaca an pobal mórán de ar feadh i bhfad. Ní raibh réiteach ar an scéal anonn go dtí na 1990idí nuair a bhunaigh an tArd-Mhúsaem agus Comhairle Chontae Mhaigh Eo comhpháirtíocht nuálaíoch, ag am nuair a bhí an Chomhairle Chontae díreach tar éis Teach Pháirc Thurlaigh a fháil. De bharr na tacaíochta airgid a fuarthas ón Rialtas agus ó Chiste Struchtúrach na hEorpa, bhí deis ann craobh nua den Ard-Mhúsaem a oscailt agus é tugtha suas go hiomlán do bhailiúchán shaol tíre na hÉireann a chur ar taispeántas ann.

Sa lá inniu ann tá tuairim is 50,000 earra i mBailiúchán Shaol Tíre na hÉireann agus is ábhar é den chuid is mó a rinneadh de réir an traidisiúin bhéil nó is earraí iad a bhí i gcroílár shaol na tuaithe. San áireamh ann tá earraí a bhaineann le feirmeoireacht, iascaireacht, iompair, an baile, éide, bréagáin, creideamh, an féilire traidisiúnta, le go leor ceirdeanna agus le ceardaíocht. Dé réir mar a thagann meath ar thraidisiún béil na ndaoine, tá bailiú á dhéanamh ar earraí a thugann léargas ar shaol an phobail go ginearálta.

Coinníonn an músaem cartlann pháipéir, taifeadtaí, scannáin agus físeáin chomh maith leis na mílte íomhánna de shaol tuaithe na hÉireann. Soláthraíonn an chartlann mar aon le bailiúcháin an mhúsaeim tuiscint dúinn ar shaol réadúil na hÉireann – saol a bhí crua do mhórán ach bog go leor do dhaoine eile. I gcontrárthacht leis sin, chuir an iliomad ealaíontóirí muintir na tuaithe agus na n-oileán in iúl ar bhealach laochúil, soineanta gan baint acu le haon tráth faoi leith ama agus slí mhaireachtála péarlach, mealltach á caitheamh acu. Suas go dtí ár linn féin, chothaigh cártaí poist agus póstaeir do thurasóirí íomhá idéalach de shaol síochánta agus taitneamhach caite ar fheirmeacha beaga na hÉireann. Chothaigh scannáin cosúil le 'Man of Aran' agus 'The Quiet Man' an nóisean go raibh saol idilach tuaithe ann in Éirinn.



**Saol Tíre agus Béaloideas**

Baineann *saol tíre* le saol traidisiúnta, na hearraí a rinneadh sa traidisiún neamhfhoirmiúil béil agus na scileanna a bhain leo. Is cuid de thraidisiún béil na ndaoine iad na hearraí is na scileanna seo.

Baineann *béaloideas le* gnéithe teibí an tsaoil: scéalta, miotais, piseoga agus nósanna traidisiúnta, go minic lasmuigh den chreideamh foirmiúil. Sa lá inniu ann déantar staidéar ar bhéaloideas agus ar an saol tíre mar chuid den eitneolaíocht, a bhaineann leis an saol sa lá inniu ann chomh maith céanna leis an saol fadó.

Tuairisc nuachtáin mar gheall ar oscailt an chéad taispeántais d'ábhar shaol na tuaithe in Éirinn ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, 1937, ag Eamon de Valera

*Evening Herald*, 1937



RURAL CULTURE IN IRELAND

President Opens Exhibition in Dublin

BACKGROUND OF FOLKLORE

Work of Great Value to Nation

*President de Valera, who was accompanied by Mr. T. Derrig, Minister for Education, formally opened this morning the Exhibition of material illustrating modern research on Rural Culture in Ireland, which is being held at the National Museum, Kildare Street.*

The President was received at the Museum by Dr. Mahr, Director, National Museum, who conducted him through the Exhibition.

In declaring the exhibition open, the **President** said he was there to indicate by his presence the interest which the Government took in work of that kind.

**The Background.**

In the exhibition they had what might be called the material background of their folklore, a background which ought to be preserved while there was still a chance of doing so.

**The work being done by the Irish Folklore Commission in co-operation with experts from other countries, particularly Sweden, was of tremendous value to our nation, and should be appreciated by the people.**

He wanted, on behalf of the Government and of the Irish Folklore Commission to thank their Swedish friends who had done so much to make the exhibition possible.

**Possibilities Unequalled.**

The Swedish folklorists had inspired the Irish workers in their field by the work done in Sweden, and he hoped they were going to start here a movement which would make the work here second to none.

**The possibilities of this country were unequalled elsewhere from the point of view of the background of Celtic culture.**

**Dr. Mahr** said they were deeply indebted to the President for his kindness, despite his manifold duties, in coming himself to open the exhibition and to show the great interest he had taken always in cultural work of this character. He also thanked the Minister for Education for his presence.

**Great Importance.**

**Mr. Derrig**, having spoken first in Irish, said he only wished to add to what the President had said his appreciation of the co-operation our Irish folklorists had received from foreign scholars and experts like Dr. Campbell.

It was very important to preserve these records of the life of the people in agricultural, fisheries, and crafts. It gave him great pleasure to acknowledge with gratitude the valuable assistance which they had obtained in this country from the Swedish folklorists, who had such a wonder reputation in this particular branch of national and cultural activity.

**It was of the greatest importance to us to keep up our connection with the cultural and intellectual activities of the Continental countries.**

They had a great tradition of co-operation with the Continent in scholarship and in other intellectual movements.

It was a matter for congratulation that they should have such a distinguished scholar as Dr. Campbell with them.

# An Tréimhse

Idir na blianta 1850 agus 1950 bhí muintir na tuaithe ag streachailt leis an mbánú a rinneadh ar an tuath le linn an Ghorta Mhóir agus díreach ina dhiaidh. Ghlac siad páirt i ngluaiseachtaí móra polaitiúla lena n-áirítear an iarracht ar neamhspleáchas a bhaint amach agus go mór mór an troid ar son úinéireacht na talún.

Cuireann an achoimre seo comhthéacs ar fáil do chuid mhaith de na hathruithe sóisialta agus polaitiúla le linn na tréimhse.

**1850 – 1869**
Díreach i ndiaidh an Ghorta Mhóir (1845 – 1850) fágadh teaghlaigh agus pobail bánaithe agus scaipthe ag an mbás agus an imirce. Sa bhliain 1841 bhí daonra de bheagnach 8.2 milliún sa tír. Faoin mbliain 1871 bhí 5.4 milliún sa tír. Sa tréimhse seo chonacthas teacht chun cinn Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (an I.R.B. nó na Fíníní), cumann rúnda a bhí mar aidhm aige Poblacht na hÉireann a bhaint amach tríd an lámh láidir.

**1870 – 1882**
Chuaigh go leor feirmeoirí le Conradh na Talún - a bhunaigh Mícheál Dáibhéad sa bhliain 1879, le Charles Stewart Parnell mar uachtarán air - chun agóidí a dhéanamh le cíos níos ísle agus úinéireacht na talún a bhaint amach. Is éard a tharla i gCogadh na Talún (1879 – 1882) ná oll-agóidí agus corraíl shibhialta agus é dírithe ar choinníollacha tionóntachta agus úinéireacht na talún eagraithe ag Conradh na Talún. Rinne Acht na Talún (1881) foráil do chinnteacht seilbhe do thionóntaí a fhad is a íocadh an cíos, an ceart ar leas an tionónta ina ghabháltas a dhíol agus cíos cóir socruithe ag cúirt neamhspleách talún. Bhí an tAcht suntasach sa chaoi is gur aithin sé leas an tionónta agus an tiarna talún araon sa talamh féin. Ón mbliain1882 thosaigh an feachtas polaitiúil do Rialtas Dúchais faoi cheannaireacht Parnell ag lorg parlaiminte d'Éirinn a bheadh bunaithe i mBaile Átha Cliath.

**1883 – 1891**
Tháinig maolú ar an gcorraíl pholaitiúil ach lean athruithe sóisialta agus eacnamaíocha ag dul i bhfeidhm ar shaol mhuintir na tuaithe. Ba thréimhse í seo ina raibh rachmas áirithe ann. Rinne Acht na nOibrithe 1883 foráil do thithe d'oibrithe ar chíos íseal. Laghdaigh an ráta imirce. Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893 chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus i 1884 bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael chun cluichí Gaelacha a chur chun cinn.

D'athraigh sraith d'Achtanna Talún an córas úinéireachta talún in Éirinn ó chóras bunaithe ar eastáit na dtiarnaí talún go ceann bunaithe ar úinéirí–áitritheoirí. Tháinig achtanna talún eile i ndiaidh Acht na dTiarnaí Talún agus na dTionóntaí 1870 sa bhliain 1881 (an dara hacht de chuid Gladstone), (Acht Ashbourne), 1891(Acht Balfour), 1903 (Acht Wyndham) agus ag deireadh Acht Birrell sa bhliain 1909.



**1892 – 1915**
I rith na tréimhse seo bhí an deis ag líon suntasach feirmeoirí a bhí ina dtionóntaí a dtalamh féin a cheannach. Thug Bord na gCeantar Cúng a bunaíodh sa bhliain 1891 tacaíocht do thionscail thinteáin d'fhonn ioncam sa bhreis a chur ar fáil do theaghlaigh feirme. Ba é bunú comharchumainn uachtarlainne sa tréimhse seo a rialaigh praghsanna bainne. Sa bhliain 1909 tugadh isteach an Pinsean Seanaoise. De thoradh ar ghníomhaíochtaí Chonradh na Gaeilge tugadh isteach ranganna Gaeilge i roinnt bunscoileanna. Bhí scoilteanna in Éirinn faoi cheist an Rialtais Dúchais. Bunaíodh Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1913 chun Rialtas Dúchais a chosaint agus bunaíodh Fórsa Óglaigh Uladh (U.V.F.), a bhí níos lú, sa bhliain chéanna chun seasamh i gcoinne Rialtais Dúchais. Nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach sa bhliain 1914 liostáil go leor d'fhir na hÉireann in Airm na Breataine agus throid siad sna trinsí.

**1916 – 1923**
Cé gur tharla imeachtaí Éirí Amach na Cásca i mBaile Átha Cliath den chuid is mó, troideadh Cogadh na Saoirse (1919 - 1921) in go leor áiteanna ar fud na tíre. Bhunaigh an Conradh Angla–Éireannach 1921 Saorstát Éireann, tiarnas féin-rialaithe de shé chontae fichead laistigh de Chomhlathas na Breataine. Troideadh an Cogadh Cathartha (1922 - 1923) ina dhiaidh sin idir an Stát agus na daoine a bhí i gcoinne téarmaí an Chonartha. Scoilt sé pobail agus teaghlaigh agus tháinig deireadh leis nuair a ghlaoigh na fórsaí a bhí i gcoinne an chonartha sos comhraic.

**1924 – 1950**
Ag eascairt as an Neamhspleáchas d'fhoghlaim daoine an chaoi le déileáil le hinstitiúidí oifigiúla an stáit nua agus riarachán méadaithe na státseirbhíse. Sna 1930idí d'fhulaing feirmeoirí de bharr cogaidh trádála idir Éirinn agus an Bhreatain ach tháinig feabhas ar phraghsanna i rith an Dara Chogadh Domhanda nuair a sholáthair Éire neodrach bia don Bhreatain. Sa bhliain 1948 ritheadh Acht Phoblacht na hÉireann.

# An Timpeallacht Nádúrtha

In Éirinn sa bhliain 1850 bhraith an chuid is mó de na daoine ar an talamh. Líon beag tiarnaí talún saibhre a bhí i seilbh na talún agus thug siad an talamh sin ar léas dá dtionóntaí. Ba í ceist úinéireacht na talún a bhí i réim i saol polaitiúil na hÉireann ó 1870 anonn go dtí an fichiú haois nuair a rinneadh úinéirí talún de mhóramh na bhfeirmeoirí a bhí ina dtionóntaí roimhe sin.

Bhí éifeacht ag torthúlacht na talún ar chaighdeán maireachtála mhóramh an daonra. I gceantair áirithe in Éirinn tá acmhainní tábhachtacha áirithe ann cosúil le talamh saibhir dea-dhraenáilte le teacht éasca ar phortach le móin a d'úsáidtí do bhreosla. Is saintréith de thailte eile iad carraigeacha agus ithir bhocht. Tá meascán de thalamh maith agus bocht sa chuid is mó de na réigiúin, cé go bhfuil an chuid is mó den talamh feirmeoireachta is fearr san oirthear agus san oirdheisceart. Tá an talamh i bhfad níos boichte siar ó Abhainn na Sionnaine agus tá limistéir mhóra portaigh i lár na tíre.



Teach ceann tuí ar thaobh na farraige den bhóthar láimh le Cionn a Duimhche, Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo, 1966



Bhraith na feirmeoirí ar sholáthairtí áitiúla cloiche, fóid nó cré chun a dtithe a thógáil. Chlúdaítí ballaí go minic le haoldath déanta d'aol nó de shliogáin.



Patrick Gately, déantóir rafta agus James G. Delaney, Coimisiún Béaloideas Éireann, in aice le rafta giolcaigh a rinneadh le haghaidh iascaireachta agus éanadóireachta ar Abhainn na Suca i gCo. Ros Comáin, 1962

Ba é an rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar chaighdeán agus ar chuma na ndíonta tuí ná an t-ábhar a roghnaíodh. Bhí saolré fada ag cruithneacht agus seagal; ba é chruithneacht an t-ábhar ba mhó a roghnaíodh mar go bhfuil sé glan, ar comhfhad agus éasca le hullmhú. Mura mbíodh fáil ar chruithneacht nó seagal, d'úsáidtí coirce, eorna, giolcacha, luachra, líon nó muiríneach.

Bhain daoine leas as ábhair nádúrtha áitiúla chun gnáth-earraí a dhéanamh. Dá bhrí sin, i gceantair dhifriúla dhéantaí earraí den sórt céanna as ábhair éagsúla. Bhí tuí le fáil go saor agus go héasca agus dhéanadh daoine réimse leathan de ghnáth-earraí leis. Léiríonn earraí tuí Bhailiúchán Shaol Tíre na hÉireann cosúil le tochtanna, stólta, coiléir chapaill agus neadacha cearc solúbacht an ábhair. Bhain gach déantóir úsáid as éadroime, solúbthacht agus neart an tuí chun feidhm áirithe a bhaint amach. Mar shampla bhain an ceardaí a rinne an stól úsáid as neart na bpíosaí tuí nasctha le chéile agus bhain an duine a rinne an nead circe leas as tréithe inslithe na snáithíní tuí. Ar thuilte na Suca i gCo. Ros Comáin, bhaintí úsáid as bogshifín nasctha agus fite timpeall ar fhráma chun rafta a dhéanamh d'iascaireacht agus d'éanadóireacht. Tá rafta dá leithéid le feiceáil ar taispeántas agus léiríonn sé an chaoi a bhain daoine úsáid as ábhair nádúrtha chun freastal do riachtanais áitiúla. Is é seo an t-aon sampla dá leithéid atá fágtha i dtuaisceart na hEorpa.



Richard Wadding as Cill Fhionóg, Co. Loch Garman, ag taispeáint scil an chúipéara agus é ag déanamh soitheach plancthógtha uiscedhíonach, 1968

## Ceirdeanna agus ceardaíocht

Roimh thús ré na holltáirgeachta, dhéantaí an chuid is nó de na táirgí a bhí de dhíth ar dhaoine sa ghnáthshaol de láimh trí amhábhair áitiúla a úsáid. Bhí sé de chumas ag daoine seiftiúla freastal a dhéanamh do riachtanais an tsaoil laethúil trí earraí a dhéanamh cosúil le ciseáin as saileach, troscán as adhmad agus soithí as cré.

Bhí an-éagsúlacht réigiúnach ann ó thaobh ábhair agus deartha de in earraí tí a raibh mórán an úsáid chéanna acu. Níl sé neamhghnách mar shampla, teacht ar stíleanna éagsúla cathaoireacha, cuinneoga ime nó díonta tuí a bhain le háiteanna éagsúla sa tír. Tháinig na difríochtaí seo aníos de bharr ábhar éagsúil a bheith in úsáid, éagsúlacht scileanna na ndéantóirí agus de bharr rogha pearsanta agus traidisiún.

Cé gur minic a bhí earraí a rinne ceardaithe tuaithe fíor-álainn ina bhfoirm, ba í an úsáid phraiticiúil agus an fheidhm is mó a chuaigh i gcion orthu seachas aon aeistéitic. Go ginearálta níor úsáid ceardaithe traidisiúnta tomhais nó patrúin scríofa; bhraith siad ar scil agus ar chruinneas a forbraíodh trí dhian-phrintíseacht agus taithí ina ionad sin. Seoladh na scileanna ar aghaidh ó ghlúin amháin go glúin eile, go minic sa teaghlach céanna agus de thoradh air sin bhí na glúine de cheardaithe ann a choinnigh patrúin agus foirmeacha traidisiúnta sna hearraí a chruthaigh siad. Bhí an-mheas ag na ceardaithe ar a gcuid uirlisí agus seoladh ar aghaidh iad ó ghlúin amháin go glúin eile.Ba é an gabha áitiúil, an siúinéir agus an deileadóir go minic a rinne na huirlisí sin.

Bhí deireadh ag teacht le ról an cheardaí le teacht níos éasca ar earraí a olltáirgeadh, a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le modhanna agus líonraí nua iompair. De réir mar a tháinig an tarracóir in áit an chapaill tháinig laghdú ar obair an ghabha agus an déantóra úma. Laghdaigh tábhacht na gciseán le teacht an phlaistigh nua mar aon le pacáistiú earraí i mboscaí cairtchláir. Tháinig troscán ó mhonarchana, déanta go minic d'ábhar nua cosúil le sraithadhmaid, agus ghlac sé áit na stíleanna dúchais.



Seán Ó Curraoin as Ros a' Mhíl, Conamara, Co. na Gaillimhe, ag fí bun ciseáin; fuair an tArd-Mhúsaem an ciseán seo i 1967

Bhaintí úsáid as ciseáin ar fud na tuaithe agus éagsúlacht chruthanna agus toirteanna á ndéanamh don uile chineál úsáid sa teach agus ar an bhfeirm. Dhéantaí ciseáin chliathoibre de shlata sailí. Thugtaí saileach ar Salix Viminalis go coitianta agus thugtaí saileánach ar chineálacha níos fearr cosúil le Salix Purpurea. D'fhás go leor feirmeoirí brilleoga chun a gciseáin féin de shaileánach (glas) úrach a dhéanamh. Dhéantaí ciseáin de thuí, luachra, fraoch agus dris chomh maith.



Sáiteoir (gabhlóg bheag) ó Chluain Eois, Co. Mhuineacháin, a d'úsáidtí i dtuíodóireacht teanntála chun bearta tuí a shnaidhmeadh ina n-áit



Thomas Loftus, mac le James Loftus, Buiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann, a chonacthas ag baint úsáid as deil chleithe a athar

Dhéantaí na díonta tuí a bhí an-chomónta ar fud na hÉireann d'ábhair nádúrtha faoi mar a dhéantaí na ciseáin. D'úsáidtí modhanna éagsúla le tuí nó líon nó muiríneach nó luachra a cheangail i sraith de shraitheanna nasctha chun an díon tuí a chruthú. Ní raibh ach cúpla uirlis simplí ag teastáil ón tuíodóir, uirlisí a bhí déanta aige féin nó déanta ag an ngabha áitiúil.

Bhí sá-tuíodóireacht an-choitianta in oirthear na tíre. Sa mhodh seo chuirtí fainnil bheaga tuí isteach sa sean-tuí le forc beag ar a dtugtaí sáiteoir. Ní raibh an modh seo chomh comónta go náisiúnta is a bhí scolbáil nuair a nasctaí an tuí leis an díon le slataí sailí nó le collslataí a ghreamaítí le 'scoilb', is é sin cipíní biorracha, solúbtha, cosúil le biorán gruaige.

Ón dara leath den naoú haois déag ar aghaidh, bhí troscán cosúil le cathaoireacha, drisiúir, boird agus leapacha frámaithe an-choitianta sna tithe ba bhoichte fiú, mar bhí daoine ag éirí níos rachmasaí. Chruthaigh saoir adhmaid, siúinéirí agus rothadóirí, troscán a bhainfeadh leas as an spás thart ar na ballaí agus as an easpa spáis a bhí ar an urlár laistigh den teach.

Is dóigh gurb é an suíochán an cineál troscáin is sine atá ann agus tá raidhse stíleanna de stólta agus cathaoireacha ann, lena n-áirítear an súgán (téad) agus cathaoireacha uillinn déanta de thuí, ar taispeáint. D'fhorbair siúinéirí stíl cathaoireach dá gcuid féin ag tús an naoú haois déag mar athris ar an stíl Leasríochta. Tá siad i nglan-chontrárthacht leis na cathaoireacha 'fáil' le droim i bhfoirm chíre ón tréimhse chéanna agus a dhéantaí d'adhmaid a d'fhaightí sna fálta.

Bhaineadh an saor adhmaid speisialaithe – an deileadóir – úsáid as deil chun píosaí adhmaid a mhúnlú i réimse nithe ciorclacha nó sorcóireacha cosúil le babhlaí agus ubhchupáin, cosa do spáda agus cluasa d'uirlisí ceardaithe. Is éard atá sa deil san fhoirm is simplí ná bíomaí cothrománacha le corr feiste ar a gcastaí an píosa adhmaid a bhí le múnlú. Is forbairt í an deil chleithe ar an deil bhunúsach; feidhmíonn sé ar an bprionsabal go gcastar an píosa adhmaid trí chordaí a chur timpeall air, le taobh amháin den chorda nasctha leis an troitheán (luamhán a bhrúitear leis an gcos), agus an ceann eile le cuaille leaisteach os a chionn. Lig an deil chleithe don cheardaí obair a dhéanamh ar thaobh amháin den adhmad ag am ar bith, rud atá éagsúil ón deil nua-aimseartha lena rothlach leanúnach. Chiallaigh sé seo go bhféadfadh sé srón a fhágáil ar an adhmad a d'fhéadfaí a shníomh níos déanaí chun hanla a dhéanamh de. Ba é James Loftus as Buiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann, (1851–1933) ceann de na deileadóirí traidisiúnta deireanacha a d'úsáid an deil chleithe.



Soitheach plancthógtha agus hanla fadaithe air a rinne Edward (Ned) Gavin as Béal Átha na Neach, Contae an Chabháin

Dhéanadh an cúipéir soithí adhmaid le taobháin le húsáid sa teach agus ar an bhfeirm. Ar na soithí a dhéanadh sé bhí cuinneoga, bairillí agus buicéid chomh maith le soithí a d'úsáidtí chun ithe agus ól astu agus le leacht a stóráil iontu. Thugtaí pigíní ar na soithí ba mhó agus naigíní ar na cinn ní ba lú. Mhúnlaítí na píosaí adhmaid go cúramach ar cheithre thaobh ionas go luífidís le chéile go teann agus choinnítí in áit iad le lataí iarainn nó le slataí sailí nó le collslataí. Bhí obair an chúipéara riachtanach do theaghlaigh thuaithe a raibh éagsúlacht soithí de dhíth orthu chun bainne a phróiseáil, éadaí a ní agus bia a stóráil.

Ba é Ned Gavin as Béal Átha na Neach i gCo. an Chabháin duine de na cúipéirí deireanacha tuaithe a bhí ag obair go dtí gur éirigh sé as i mblianta deireanacha na 1980idí. D'fhoghlaim sé a cheard le linn printíseachta a mhair ocht mbliana go leith agus sholáthair sé cuinneoga agus soithí déiríochta eile do chustaiméirí i dtuaisceart agus in iarthar na tíre.





An gabha stáin Bernard Mongan i bpictiúr a tógadh de i 1965 fad a bhí sé ag obair ina champa ar thaobh an bhóthair ag Cathair Muirghiosa, Co. na Gaillimhe

Ós rud é go raibh capaill oibre an-choitianta in Éirinn, bhí an–tóir ar dhéantóirí úmacha. Bhí neart agus buaine úmacha tábhachtach mar gur bhraith an fheirmeoir ar chumhacht na gcapall chun an oiread sin den ghnáth-obair laethúil a dhéanamh. D'fhéadfadh úmadóir suas le seacht mbliana a chaitheamh ag foghlaim a cheirde.

Bhíodh an stánadóir ag obair i gcampaí ar thaobh an bhóthair. Tincéir a thugtaí air. Dhéanadh sé soithí stáin agus dheisíodh sé aon damáiste in ábhair cosúil le potaí agus buicéid. Dhíoladh a theaghlach a chuid earraí ó dhoras go doras, mar aon le hearraí eile a bhíodh ag teastáil ó theaghlaigh thuaithe, ó almanaig gó snáthaidí nó scuaba sciúrtha go pionnaí éadaigh.

D'aithnítí an gabha mar phríomhcheardaí. Bhí ard-mheas air agus thugtaí aitheantas dó as an ról a bhí aige sa phobal. Chruthaigh sé agus dheisigh sé réimse leathan ábhar ó gheataí go potaí cocaireachta agus uirlisí talmhaíochta agus uirlisí na gceardaithe. B'eisean an crúdóir chomh maith – an dualgas air crúite a chur ar chapaill agus ar asail.

Uaireanta chuirfeadh an gabha maisiú breise ar a chuid saothar trí obair scrolla a chur leis.



Sampla tarraingteach maisithe d'iarann aráin ó Charraig an Chromáin, Co. an Chabháin, a rinne an gabha dubh Matthew Dowd. Úsáideadh é chun arán coirce a thóstáil i dteallach oscailte

# An Saol sa Phobal



Cros Bhríde, Ulaidh Theas

Thugtaí lá cinn ráithe ar chéad lá gach séasúir. Ba é Lá Fhéile Bríde, an 1ú lá d'Fheabhra, tús an earraigh; ba é an 1ú lá de Bhealtaine, tús an tsamhraidh; ba é an 1ú Lúnasa, tús an fhómhair agus ba é an 1ú de Shamhain, tús an gheimhridh. Cheiliúrtaí cuid mhaith de na searmanais a bhain leis na laethanta cinn ráithe an oíche roimhe sin.

Thosaigh an t-earrach le Lá Fhéile Bríde. Bhí baint láidir ag cultas an naoimh sin le bandia págánach torthúlachta. Ba shéasúr fáis ar an talamh agus d'athnuachan ar an bhfeirm é nuair a bhíodh daoine ag súil leis an dea-aimsir agus le laethanta níos faide. D'fhonn an teaghlach, na hainmhithe agus na barra a chosaint, dhéantaí crosa le hómós a thabhairt do Naomh Bríd agus chun a beannacht a lorg. Dhéantaí iad seo i stíleanna éagsúla ag baint úsáide as tuí, luachra, nó as ábhar nádúrtha eile agus chrochtaí iad sa teach agus sna cróite. D'ití béile na féile, prátaí agus im, an oíche roimh Lá Fhéile Bríde.

In áiteanna eile in Éirinn théadh 'Buachaillí na Brídeoige' (nó cailíní) ó theach go teach le samhail den naomh a dtugtaí 'an Bhrídeog' uirthi, agus bhailídís airgead agus bia do chóisir in onóir di. Uaireanta bhíodh crios mhór tuí ag 'Buachaillí na Brídeoige" agus théadh baill an teaghlaigh tríd le súil le cosaint a fháil ón naomh ó aon bhreoiteacht i rith na bliana amach rompu.

I rith an Charghais – cleachtadh reiligiúnach daichead lá – ní íosfadh daoine feoil, uibheacha ná táirgí déiríochta. Baineann an Carghas le troscadh agus fadó bhí an nós ag daoine cloí go daingean leis, rud nach ndéantar go ginearálta inniu. D'ití éisc, leite, prátaí agus arán tirim. Réitigh daoine iad féin don tréimhse throscaidh tríd an stoc feola agus earraí déiríochta a ithe ar Mháirt na hInide – an oíche roimh an gCarghas. Ba bhealach iad na pancóga chun uibheacha, im agus bainne a ídiú. Ba é seo an lá ab fhearr le pósadh mar nach raibh bainiseacha agus ceiliúradh ceadaithe i rith an charghais. Thugtaí 'Domhnach na Cailce' ar an gcéad Domhnach ag tús an Charghais. Ar an lá seo ba mhinic a théadh páistí sa tóir ar aon duine nach raibh pósta, agus chuirtí 'X' ar a ndroim a bheadh le feiceáil ag cách i ndiaidh an Aifrinn.





Cros Phádraig, Co. Chill Dara

Tugtar ómós do Naomh Pádraig, éarlamh na hÉireann ar an 17 Márta, lá é seo ina scaoiltear srianta an Charghais go sealadach. Dhéanadh páistí 'Crosa Naomh Pádraig' – suaitheantais déanta de pháipéar agus d'fhabraic. Chaithidís na crosa seo chuig an Aifreann agus chuig mórshiúlta agus fleánna. Chaitheadh daoine fásta an tseamróg i rith an lae mar chreidtí gur úsáid Naomh Pádraig na trí duilleog aici chun an Tríonóid Naofa a mhíniú – triúr in aon Dia amháin. Faoin tráthnóna seans go gcuirfeadh siad an tseamróg isteach i ndeoch mheisciúil, ar a dtugtaí 'Pota Naomh Pádraig' agus go gcaithfí siar é in onóir an naoimh.

Is é Domhnach Cásca deireadh an Charghais agus an Troscaidh. Bhí bricfeasta breá le hithe mar go mbeadh stór uibheacha agus táirgí déiríochta tiomsaithe. De ghnáth bhíodh go leor uibheacha ann a bhféadfadh na leanaí iad a mhaisiú agus a úsáid i gcluichí Cásca.



Liathróidí a rinneadh as rón trilsithe a chaitheadh mná agus a thugtaí mar chomharthaí grá d'fhir le haghaidh cluichí iomána Lá Bealtaine. Fuair an tArd-Mhúsaem an sampla seo ó Leath Bhaile, Baile an Tóchair, Co. Shligigh, i 1975

Ba é Lá Bealtaine céad lá an tsamhraidh. Féile lusanna, damhsa agus tinte cnámh a bhíodh ann. Mhaisíodh daoine an taobh amuigh dá dtithe le sceacha Bealtaine, bláthanna agus aiteann chun an t-ádh a chothú. Chroití uisce beannaithe timpeall na dtithe agus na bhfeirmeacha ar mhaithe leis an ádh chomh maith. Chreidtí gurbh fhéidir iad féin, a dteach, a dtréad, an chuinneog agus a gcuid táirgí déiríochta a chosaint ó thionchair mhailíseacha agus ó neacha urchóideacha ón saol eile. San fhichiú haois ba shaintréith de mhí na Bealtaine iad mórshiúlta reiligiúnacha in ómós don Mhaighdeán Mhuire agus bhí altóirí Bealtaine lán de bhláthanna coitianta go leor.

Thugtaí Oíche Shan Seáin ar an 23ú Meitheamh, an oíche roimh Fhéile Eoin Baiste. Bhí sé gar do ghrianstad an tsamhraidh, an lá is faide sa bhliain. Lastaí tinte cnámh pobail ar thaobh na gcnoc agus bhíodh comórtas ann idir phobail chun an tine cnámh ba mhó a lasadh. Bheadh damhsa, suirí agus, uaireanta, troid. Lasadh teaghlaigh tinte beaga cnámh ar a bhfeirmeacha chomh maith agus chaití gríosach na tine ar a gcuid páirceanna le cinntiú go mbeadh fómhar maith le baint acu. Ba é an samhradh an t-am do shiamsaíocht agus do spóirt lasmuigh do dhaoine de gach aois. Théadh go leor daoine ag iascaireacht, ag babhláil agus ag damhsa ag an gcrosbhóthar i rith an tsamhraidh.




Bhíodh tóir ar chrosa adhmaid, snoite le siombailí den Pháis agus le bliain na hoilithreachta, mar chuimhneacháin i measc oilithreach go Loch Dearg, Co. Dhún na nGall



Rinneadh maisc thaibhsiúla cosúil leis an gceann seo ón bhFál Mór, Co. Mhaigh Eo chun scanradh a chur ar chomharsana Oíche Shamhna

B'ionann Lúnasa agus teacht an Fhómhair agus séasúr na bainte. Bhíodh ceiliúradh ann an Domhnach deireanach de Mhí Iúil nó an chéad Domhnach i Mí Lúnasa. I gceantair áirithe bailíodh daoine le chéile ar shléibhte nó ag locha agus i gceantair eile ba é sin an lá traidisiúnta d'aonach an fhómhair.

Bhíodh an teaghlach agus an pobal uile páirteach i mbreith isteach an fhómhair. Bhíodh searmanas faoi leith ag baint leis an bpunann deiridh, nó an chailleach mar a thugtaí air, a bhaint. Ba mhinic a mhaisítí an chailleach agus chrochtaí os cionn an bhoird í agus béile an fhómhair á ithe. I roinnt ceantar mhaisíodh fir agus mná píosaí tuí chun snaidhmeanna fómhair a dhéanamh le malartú eatarthu mar chomhartha grá agus suirí ag féile an fhómhair.

B'am é an fómhar le dul ar oilithreacht, do phatrúin (turais phobail chuig suíomhanna naofa) agus chun urnaí a dhéanamh. Sa bhreis ar na patrúin chuig toibreacha áitiúla beannaithe théadh roinnt daoine ar oilithreachtaí chuig suíomhanna cáiliúla cosúil le Cruach Phádraig agus Cnoc Mhuire i gCo. Mhaigh Eo agus go Loch Dearg i gCo. Dhún na nGall.

Ba é Féile na Samhna, nó Lá na Naomh Uile, an chéad lá de Mhí na Samhna a chuir tús leis an ngeimhreadh. Bíonn ceiliúradh fós ann an oíche roimhe, Oíche Shamhna, in go leor áiteanna ar fud na hÉireann le fleánna agus le cluichí. Go traidisiúnta bhailítí torthaí agus cnónna don fhéile agus do cheiliúradh an teaghlaigh an oíche sin. B'ábhair shiamsaíochta iad cluichí a thuar pósadh. Chreid daoine go bhfillfeadh spioraid na marbh ar





Samhail bhabóige de Naomh Pádraig a úsáideadh i ndráma cleamairí, Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach



Snaidhm Fómhair,
Ulaidh Theas

theach a muintire ar an oíche seo. Measadh go mbíodh ainspioraid gníomhach chomh maith agus mar sin sheachain daoine taisteal a dhéanamh leo féin istoíche. Chosnaítí a mbailte ón mí-ádh le huisce coisricthe agus i gceantair áirithe dhéantaí crosa Shamhna.

Is í féile na Nollag an fhéile gheimhridh a cheiliúrtar ar an 25ú Nollaig agus bíonn sí dírithe ar an teaghlach agus ar bhéile speisialta. I roinnt ceantar chuireadh grúpaí drámaíochta gléasta in éide tuí ar a dtugtaí 'Cleamairí', dráma traidisiúnta ar siúl i bhfoirm ríme. Ba iad lucht an dreoilín a mharcáil Lá Fhéile Stiofáin (26ú Nollaig) i roinnt pobal. Théadh na fir is na buachaillí seo timpeall ó theach go teach 'Ar Thóir an Dreoilín' mar ba é an dreoilín de réir an traidisiún a sceith ar an naomh.

Rinne na féilte bliantúla ceiliúradh ar imeacht an ama agus tá dlúth-bhaint acu le gnáth-chúrsa bliantúil na hoibre. Síneann gnéithe áirithe de na féilte siar chuig an gcianaimsir agus bhí an-bhaint acu leis an teaghlach agus an fheirm a chosaint ar bhreoiteacht agus ar olc. Dhírigh na féilte ar inmharthanacht na talún, an teaghlaigh agus an phobail.

# Ag obair ar Thalamh agus ar Uisce

**An Bhliain Fheirmeoireachta**
Bhreathnaítí ar Lá Fhéile Bríde, an 1ú Feabhra, mar thosach na bliana ar an talamh mar tagann fad ar na laethanta agus tá comharthaí an fháis le feiceáil thart ar an am sin. Lasmuigh de ghnáth-chúraimí an lae, cosúil leis na ba a chrú, ba iad seo a leanas na príomhchúraimí a bhí ag teaghlach traidisiúnta feirmeoireachta agus iascaireachta:



Capall agus carr sleamhnáin ina bhfuil ciseán móna, Gleann Seasc, Co. Aontroma, c.1900

**Feabhra**
- Tús a chur le hullmhú na talún do bharra
- Dul chuig aonach chun ainmhithe a dhíol nó a cheannach
- Ainmhithe a bheathú

**Mí an Mhárta**
- Na prátaí a chur
- An fheamainn a thabhairt isteach
- Cabhrú le hainmhithe agus iad ag saolú laonna is uain
- Ainmhithe a bheathú

**Mí Aibreáin**
- Glasraí agus gránbharra a chur
- An fheamainn a thabhairt isteach
- Cabhrú le hainmhithe agus iad ag saolú laonna is uain
- Iascaireacht mhaicréal agus scadán

**Mí na Bealtaine**
- Móin a bhaint
- Ba a chur amach chuig na móinéir, na caoirigh ar na cnoic
- Eireaball a sciotadh agus uain óga a choilleadh
- Salachar a bhaint ó na barra
- Dul chuig aonach chun ainmhithe a dhíol nó a cheannach
- Eangach a chur amach do bhradáin

**Mí an Mheithimh**
- Salachar a bhaint ó na barra
- Caoirigh a lomadh agus a thumadh
- Féar a bhaint
- Iascaireacht ghliomach
- Móin a thriomú

**Mí Iúil**
- Féar a bhaint
- Prátaí a spraeáil
- Cabáiste a bhaint
- Iascaireacht mhaicréal

**Lúnasa**
- Na gránbarra agus an líon a bhreith isteach
- Prátaí a bhaint
- Dul chuig aonach chun ainmhithe a dhíol nó a cheannach
- Iascaireacht mhaicréal

**Meán Fómhair**
- Gránbharra a bhaint
- Prátaí a bhaint
- Móin a thabhairt abhaile
- Iascaireacht scadán agus mhaicréal
- Sméara dubha a phiocadh

**Deireadh Fómhair**
- Úlla a phiocadh
- Prátaí a bhaint
- Turnapaí a bhaint

**Samhain**
- Dul chuig aonach chun ainmhithe a dhíol nó a cheannach
- Páirceanna a threabhadh
- Fálta, claíocha agus díoga a dhéanamh agus a dheisiú
- Eallach a thabhairt isteach ón talamh féarach
- Ainmhithe a bheathú

**Nollaig**
- Trealamh feirme a dheisiú
- Síolta a stóráil
- Ainmhithe a bheathú

**Eanáir**
- Trealamh feirme a dheisiú
- Claíocha agus díoga a ghlanadh
- Ainmhithe a bheathú

**Ferimeoireacht**
Ba í an fheirmeoireacht an príomhghnó a bhí ar bun faoin tuath in Éirinn. Dhéantaí obair feirme le líon beag gléasanna láimhe ach le teacht an innealra, d'éirigh an obair beagán níos éasca. Ba iad na prátaí an príomhbharr glasraí agus bhí sé éasca iad a fhás fiú in ithir bhocht. Go minic ar fheirmeacha beaga d'fhástaí iad in iomairí déanta le spád. Chasadh an feirmeoir an fód siar thar an bhféar agus chaitheadh sé ithir agus aoileach air chun leaba ardaithe a dhéanamh. Taobh amuigh de na prátaí ba iad na glasraí eile ba mhó a d'fhástaí ná cabáiste, oiniúin agus cairéid.

Ní bhíodh mórán innealra ag an bhfeirmeoir beag in Éirinn. An spád agus cúpla uirlis láimhe amháin a bheadh ar na feirmeacha ba lú. In ainneoin sin bhí spáda de gach saghas crutha ann chun riachtanais agus traidisiúin áitiúla a shásamh. Bhí dhá phríomhchineál spáide ann: cineál sa tuaisceart agus san oirthear le dhá chostaca air agus ceann dúchais le costaca amháin a bhí le fáil i mórán áiteanna. Dhéantaí spád an dá chostaca i muilte spáide agus dhéanadh an gabha an cineál dúchais gan mórán dua.


Céachta adhmaid, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe, 1951

Tá portaigh an-chomónta in go leor áiteanna in Éirinn, agus gach Bealtaine nó Meitheamh bhaineadh daoine an mhóin chun breosla a chur ar fáil dóibh féin don bhliain amach rompu. Le sleán a bhí múnlaithe go speisialta, ghearrtaí na céadta fód móna ón bportach áitiúil. Bhí dhá phríomhchineál sleáin ann: gnáthshleán coise agus sleán uchta, théadh an sleán uchta isteach sa bhanc móna go cothrománach. Leagtaí amach na fóid mhóna ón mbanc móna d'fhonn iad a thriomú sula ndéantaí cruacha leo.

Mhair sean-mhodhanna iompair ar feadh i bhfad in áiteanna in Éirinn mar go mbíodh an mhóin á hiompair amach as talamh bog an phortaigh. Ba é an t-asal le cléibh (ciseáin) rogha na coitiantachta ar chósta an iarthair. In áiteanna cnocacha sa taobh thoir den tír mhair an carr sleamhnáin gan rothaí agus an chairt le blocrothaí anonn go dtí lár an fhichiú aois.

Tar éis an treafa a bhris an fód, tharraingítí bráca (gléas cosúil le ráca mór) thar an talamh chun an fód a bhriseadh suas go hithir mhín. Ansin, d'fhéadfadh go dtarraingítí rollóir mór thar an talamh chun í a bhriseadh suas níos mó. Chuirtí an síol ansin. Bhaintí úsáid arís as an mbráca chun an síol agus an ithir a mheascadh le chéile agus ba chabhair é an rollóir chun an síol a chlúdach ó na héin agus chun é a bhrú isteach san ithir.


Rollóir cloiche á tharraingt, Feirmeacha Traidisiúnta Theach Mhucrois, Cill Airne, Co. Chiarraí, 1980idí


Iomairí á ndéanamh ag Feirmeacha Traidisiúnta Theach Mhucrois, Cill Airne, Co. Chiarraí, 1980idí


Móin á baint, Cor na Rón Láir, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, 1967, A.T. Lucas d'Ard-Mhúsaem na hÉireann ar clé



Corran á úsáid ag Mary agus Ellen McCaughey, Corr Liatháin, Co. Thír Eoghain, c. 1910



Ag bualadh le súiste, Ceathrú an Uisce, Cathair na Mart, 1970idí

Roimh theacht na n-inneall bainte, d'úsáidtí speal chun an barr a bhaint. Ba iad na fir de ghnáth a bhíodh ag spealadóireacht, ag baint féir – an barr ba mhó agus é mar bhia do na hainmhithe. Bhí speala in úsáid go forleathan in Éirinn ó bhlianta tosaigh an naoú céad déag. Corráin agus bileoga is mó a bhíodh in úsáid roimh theacht na speile agus is iad seo is mó a thaitin le buainteoirí, mná go speisialta. Bhí sé de bhuntáiste ag na bileoga seo gur bhain modh cúramach gearrtha leo, a lig don bhuainteoir an síol luachmhar a choinneal ar an ngas agus salachar a sheachaint.

Sular tugadh isteach na hinnill bhainte, bhaintí úsáid as súisteáil chun na gráinní a bhaint amach ó na crotail. Bhí déanamh simplí ar shúiste: de ghnáth nasctaí an chluas (déanta as coill) agus an buailteoir (déanta as adhmad cuilinn) le lúb leathair. Bhíodh an feiste seo difriúil i réigiúin éagsúla den tír.



Cáitheadh ar siúl ag Machaire Loiscthe, Co. Dhún na nGall, c. 1900

Bhí dhá phríomhchineál súiste in Éirinn, cineál amháin le caipín leathair ar gach maide agus iad nasctha le hiall. Faightear i gCúige Laighean agus in oirthuaisceart na hÉireann é agus seans gur tugadh isteach ón mBreatain é. Tá an cineál seo súiste le fáil san Eoraip láir chomh maith. Sa dara cineál bhíodh na maidí nasctha le hiall istigh in eang gearrtha timpeall ar cheann gach maide. Faightear an cineál seo súiste i ndeisceart na hIorua agus i gcúpla ceantar iargúlta i ndeisceart na hEorpa.

Ba phróiseas é an cáitheadh lena mbaintí leas as an ngaoth chun an cháith ab éadroime a bhaint agus an grán amháin a fhágáil. D'úsáideadh an feirmeoir ciseán cáite chun an grán agus an cháith a chroitheadh agus ar an gcaoi seo sciobfadh an ghaoth an cháith léi agus thitfeadh an grán níos troime ar an talamh. Ar na feabhsuithe talmhaíochta a tharla bhí innill bhuailte a bhuail agus a cháitheadh an grán agus comhbhuainteoirí meicniúla a bhain an grán chomh maith.





Capall le carr bloc-rothaí , Port an tSalainn, Co. Dhún na nGall, c. 1900

Bhí cúpla ainmhí ag an gcuid is mó de theaghlaigh feirme na hÉireann agus bhí a bhfeidhm shainiúil féin ag gach ceann acu. Sholáthair ba, muca, caoirigh agus éanlaith, bia luachmhar in aiste bia a bhí an-teoranta go minic. Bhí capaill agus asail i bhfad níos láidre ná an duine féin d'obair áirithe agus lomtaí caoirigh dá gcuid olla.

Bhí na capaill riachtanach d'obair throm feirme cosúil le treabhadh agus bhí sé de chumas acu cairt lán a tharraingt achar fada. Ba é an t-asal 'capall' na feirme bige agus bhí sé níos coitianta in iarthar na hÉireann. D'fhéadfadh an t-asal le srathair agus ciseáin, móin, aoileach agus feamainn a iompar.

Choinnítí caoirigh agus gabhair ar thalamh nach raibh oiriúnach d'ainmhithe féaraigh eile, cé gur sholáthair na gabhair bainne, bhí siad úsáideach chomh maith chun fásra fiáin a smachtú.



Caoirigh á mbrandáil, Cliara, Co. Mhaigh Eo, 1900



Bran á thógáil ar línte, Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, 1940idí



Líne á déanamh, Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, 1940idí

**Iascaireacht**

Sular tugadh isteach an trálaeireacht tráchtála, dhéantaí an chuid is mó den iascaireacht ó bháid bheaga. Ba ghné shainiúil de chósta iarthar na hÉireann iad na curacha déanta de chanbhás agus clúdaithe le tarra, a d'eascair ó na báid sheithe. Dhéantaí an chuid is mó den iascaireacht ar scála beag i rith an tsamhraidh nuair a bhí na héisc líonmhar agus an aimsir níos sábháilte do na báid bheaga.

Is cineál báid é an curach a d'eascair as báid chaolaigh clúdaithe le seithe ainmhithe agus úsáidtear go fóill é ar chósta thiar na hÉireann. Le dhá chéad bliain anuas rinneadh an chuid is mó de na curacha ó chanbhás clúdaithe le tarra ar fhráma adhmaid agus san am atá i láthair is le snáithín gloine atá go leor de na curacha clúdaithe.

Dhéantaí iascaireacht le dorú chomh maith le heangacha. In uisce domhain d'fhéadfadh na hiascairí úsáid a bhaint as dorú le meáchan air chomh maith le go leor duán. Shocraíodh na hiascairí an dorú, d'fhágaidís thar oíche é ar ghrinneall na farraige agus é marcáilte le bulla. An mhaidin dar gcionn d'fhéadfadh bran, troisc, langaí chomh maith le leathóga cosúil le leathóga ballacha, sóil agus turbard a bheith ar an dorú.





Ag trálaeireacht le haghaidh oisrí, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe, 1967



Ag cuardach scadáin ghainimh, Bá na Maoile Rua, Co. Dhún na nGall, 1890idí



Curraichín ar an mBóinn, An Seandroichead, Co. na Mí, 1930

In uisce éadomhain chuireadh na hiascairí an bád ar ancaire. San áit seo d'úsáidtí dorú níos giorra agus d'fhéadfadh gach fear cúpla ceann a láimhseáil san am céanna. Dhéanadh iascairí a ndorú féin go minic ag casadh píosaí snátha ina bhfaid níos faide le castóir líne. D'úsáidtí línte láimhe chun breith ar mhaicréil, pollóga agus doingin ó bhád nó fiú ó aill.

D'úsáidtí sruthlíonta chun breith ar bhradáin agus d'fhágtaí amuigh iad thar oíche. Modh dolaíochta eile a bhí in úsáid chun breith ar scadáin agus ar mhaicréil ba ea an tsaighneoireacht, sé sin go ndéanfadh dhá bhád sparán den líon timpeall ar na héisc. Sna hinbhir, d'úsáidtí modh ar a dtugtaí dolaíocht tharraingthe, an líon á ligean amach ón mbád agus é ag gluaiseacht amach ón gcladach.

Bhaineadh iascairí úsáid as potaí chun breith ar ghliomaigh agus ar phortáin, iad le díol de ghnáth faoi mar a bhíonn inniu. Fadó dhéantaí na potaí le brilleoga nó le fraoch fiú. Chuirtí na potaí le baoite agus meáchan iontu síos ar ghrinneall na farraige.

D'fhéadfaí roinnt sliogiasc a bhailiú ó bhád le ráca nó le dreidire. Bhailíodh daoine eile de láimh iad agus iad ag seasamh in uisce éadomhain nó bhaintí na sliogéisc de na carraigeacha nuair a bhí an taoide tráite.

Mhair roinnt modhanna ársa iascaireachta cosúil le sleádóireacht sa traidisiún áitiúil. D'úsáidtí sleánna difriúla chun breith ar eascanna agus ar bhradáin. Bhí sé dleathach de ghnáth bheith sa tóir ar eascanna ach bhí sé mídhleathach bheith ag sleádóireacht bradán agus go minic dhéantaí é istoíche le tóirse.

Chuirtí gaistí caolaigh nó gaistí a bhí déanta d'eangach in aibhneacha chun breith ar éisc. D'úsáidtí dola agus duáin mhóra ar a dtugtaí sracadóirí chun breith ar bhradán nó ar bhreac le tarraingt sciliúil.

In aibhneacha áirithe ceadaíodh slat-iascach agus dolaíocht do bhradáin le ceadúnas. Ach bhaineadh póitseálaithe úsáid as líonta mídhleathacha a shocraítí i gcoraí nó a tharraingítí tríd an uisce. Anonn go dtí na 1940idí bhí curach leathair in úsáid chun líonta bradáin a shocrú ar Abhainn na Bóinne. Ar thuilte Abhann na Suca i gCo. Ros Comáin, bhaintí úsáid as rafta de bhogshifín don iascaireacht agus don éanadóireacht.

# Gníomhaíochtaí sa Teach

Bhain obair na mban den chuid is mó leis an teallach agus leis an teach. Ba ghnáth-churaimí an lae iad dul chuig an tobar, cócaireacht, an tine a choinneáil ar lasadh, na hainmhithe a bheathú agus aire a thabhairt do pháistí óga. Gach seachtain bhíodh ar bhean an tí na héadaí a ní, dul chuig an margadh, an teach a ghlanadh agus éadaí a dhéanamh agus a dheisiú. Bhíodh na mná ag obair sna páirceanna chomh maith agus is iad a bhí freagrach as an éanlaith agus as an déirí.



Líníocht dúigh leis an eitneolaí Sualannach Åke Campbell de theallach i dteach traidisiúnta, Cill Rialaigh, Co. Chiarraí, 1935

Is éard a bhí i dteach traidisiúnta na hÉireann ná teach aon stór le ceann tuí, cruth dronuilleogach air agus leithead aon sheomra amháin ann. Bhí an teallach an-tábhachtach sa saol laethúil agus tá rangú déanta ar an teach traidisúnta de réir shuíomh an teallaigh – bíodh sé i dtreo lár an tí nó ag an mballa deiridh. Sholáthair an tine teas agus solas agus ba í an tine fócas an tí – is as sin a tháinig an seanfhocal 'Níl aon tinteán mar do thinteán féin'. Dhéantaí an ghnáth-obair, an chócaireacht agus an níochán, chomh maith le himeachtaí sóisialta cosúil le scéalaíocht agus cuartaíocht, in aice na tine.

Ón dara leath den naoú céad déag ar aghaidh, bhí troscán cosúil le cathaoireacha, drisiúir, boird agus leapacha frámaithe an-choitianta. Tógadh an troscán le leas a bhaint as an spás timpeall na mballaí agus as an easpa spáis urláir sna tithe beaga. Dhéantaí suíocháin i réimse leathan stíleanna le go leor ábhar éagsúil. Bhí dearadh na gcathaoireacha tríchosach díreach i gceart do na hurláir aimhréidh. Ba shuíochán i rith an lae iad na leapacha– suíocháin agus osclaíodh siad ina leapacha san oíche.

I gcuid de na tithe, bhíodh bord agus cófra bia agus bothán cearc chomh maith le cearnmheadar le grán a stóráil ann. D'fhéadfadh go mbeadh cleibhí acu chomh maith, seo aonad ar an mball chun plátaí don fheoil agus bioranna feola a stóráil. Sula raibh fáil ar an leictreachas bhraith daoine ar an tine agus ar lampaí don solas.

### An Teaghlach a Chothú

Rinne teaghlaigh iarracht a bheith neamhspleách. Tháirg siad a mbia féin, d'fhásaidís gráinní agus prátaí, torthaí agus glasraí agus bhailítí sméara fiáine, gairleog agus luibheanna. Bhíodh beostoc ag an gcuid is mó de na feirmeacha. Choinnídís muca, ba agus gabhair don bhainne agus don fheoil, agus éanlaith dá bhfeoil agus d'uibheacha. Dhíoladh na mná tí aon im nó uibheacha breise a bhí acu. Choinníodh roinnt teaghlach coirceoga chun mil agus céir a sholáthair. Chuir iasc agus géim le héagsúlacht an aiste bhia.



Mar a tharlaíonn inniu, chuireadh daoine déantáin reiligiúnacha cosúil le toibreacha uisce bheannaithe, pictiúir agus dealbha ar taispeáint ina dtithe ó chreid siad go gcosnódh na déantáin seo an líon tí, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, c. 1900

Sa naoú haois déag cheannaíodh na teaghlaigh ba bhoichte díreach an méid nach bhféadfaidís a fhás iad féin. Cheannaítí tae, siúcra agus fuisce go hannamh ar dtús mar gur measadh gur ábhair shó iad. Níos déanaí cheannaítí iad mar chuid den ghnáth-shiopadóireacht cosúil le sóid-aráin chun arán laibhínithe a dhéanamh.

Bhí bean an tí freagrach as bia a phróiseáil, a chócaráil nó a stóráil. Bhíodh uirthi an grán a mheilt ina mhin, agus leasaíodh sí feoil agus iasc ionas go bhféadfaí iad a stóráil ar feadh tréimhse níos faide.

Bhí cineálacha speisialta trealaimh cócaireachta ag teastáil chun bia a bhruith, a ghríoscadh, a róstadh nó a bhácáil. Chócaráiltí gach rud ar an tine oscailte sa teallach. Bhí ar an gcócaire a bheith an-oilte chun na potaí troma agus trealamh an teallaigh a láimhseáil. Nuair nach bhféadfaí ach rud amháin a chur go díreach os cionn na tine ag an am céanna, choinnítí na bianna eile ar bogfhiuchadh nó ag bacáil in aice leis agus dá bhrí sin bhí ord agus uainíocht an ullmhúcháin an-tábhachtach.



Bean ag meilt arbhair le cabhair cloiche bró ar Oileán Inis Muirígh, Co. Shligigh, c. 1900

D'úsáidtí citil agus potaí tríchosacha déanta d'iarann chun leachtanna a bhruith. D'úsáidtí branraí agus gabhlóga tóstála le gríoscadh a dhéanamh agus bhí friochtáin coitianta chomh maith.

D'úsáidtí tóstaeir bhonnóige chun bonnóga coirce a thóstáil agus d'úsáidtí an grideall chun arán slim agus cácaí a bhácáil. Dhéantaí an róstadh ar bhior le rogha socruithe ionas go bhféadfaí an fheoil a ardú nó a ísliú ón tine. Ag deireadh an naoú céad déag áfach, tháinig an t-oigheann pota solúbtha ina áit, a d'fhéadfaí a úsáid chun feoil a róstadh agus chun arán a bhácáil.



Tuirní agus éadaí ag triomú in aice an teallaigh ag Teach an Fhíodóra, Teileann, Co. Dhún na nGall, c. 1900

## Éadaí an Teaghlaigh

Cé nach raibh aon éide traidisiúnta Éireannach ann, chaitheadh muintir na tuaithe éadaí d'ábhar dochaite. Bhíodh éadaí difriúla ag an gcuid is mó acu don Domhnach agus don obair; tar éis tamaill bhíodh éadaí an Domhnaigh iompaithe ina ngnáth-éadaí. B'annamh a bheadh éadaí nua ag duine ba chuma an éadaí iad a rinneadh sa bhaile nó a ceannaíodh.

Ceannaíodh fear an tí an chuid is mó dá chuid éadaí ón táilliúir áitiúil. Ba í a bhean chéile a dhéanadh a chuid léinte agus a chuid fo-éadaí sa bhaile agus cheannaítí hataí sa siopa.

Dhéanadh bean an tí an chuid is mó dá héadaí féin agus éadaí a cuid leanaí. Cheannaítí clócaí ón mbratadóir agus cheannaíodh cuid de na mná seálta sna bailte móra.

Ba iad an dá amhábhar ba thábhachtaí chun éadaí a dhéanamh ná lomra agus líon. Ba iad na mná a scagadh na lomraí ina ngráid éagsúla olla, ag roghnú na holla a bheadh le sníomh agus le fí. Bhíodh dath bán nó uachtar ar olann chaorach (báinín a thugtaí uirthi as Gaeilge), cé go dtáirgeann pórtha áirithe caorach olann dhubh. Bhí an rogha ann olann gan dath a úsáid nó dath a chur uirthi le dathanna nádúrtha nó ceannaithe. Nuair a bhíodh an olann daite, chardáiltí an olann chun na snáithíní a ullmhú don sníomh. I bhfad siar, shníodh na mná an olann le fearsaid le meáchan air. Níos déanaí bhí fáil níos leithne ar thuirní agus lig na gléasanna seo don bhean na snáithíní a chasadh ina shnáth amháin ar bhonn níos éifeachtaí.



Gléasta faoi chomhair cruinniú ráis, Conamara, c. 1900



Cairdeagan dearg Árannach ó Inis Meáin, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, c. 1937

Dhéantaí snáth lín de shnáithíní ón bplanda lín ar thuirne ar a dtugtaí an tuirne íseal Ghaelach nó an tuirne Olannach. Tuirne í a tháinig ón Ísiltír. Cé go raibh an líon á fhás agus a chasadh i ngach cuid d'Éirinn, ní raibh próiseáil an lín ina thionscal tábhachtach ach i gcontaetha an tuaiscirt amháin. Nuair a bhíodh snáth déanta den olann nó den líon, dhéantaí spinglí de agus thugtaí chuig an bhfíodóir áitiúil é chun báinín nó línéadach a fhí de. Bhíodh seol ina theach aigesean. Dhéantaí breis oibre ar an éadach, a dtugtaí bruth a chur air. Ba é a bhí i gceist ná dromchla an éadaigh (mar shampla, flainín) a dhéanamh garbh le cuma chatach air agus é níos fearr i gcoinne na haimsire.

Bhíodh na mná ag déanamh obair shnáthaide go minic cois na tine. Chniotáiltí agus d'fhuaití éadaí. Mhaisíodh na mná a raibh an scil acu, na héadaí le hobair lása agus le bróidnéireacht. Bhíodh an obair mhaisithe seo in úsáid ar éadach na hEaglaise chomh maith agus d'úsáidtí cuilteáil agus obair phaiste chun éadach leapa a dhéanamh.

## Fórsaí chun Athraithe

Tá athruithe móra tagtha i bhfeidhm anonn ó na 1850idí. I rith an ama seo tháinig athrú suntasach ar shlí bheatha nár athraigh ach go mall sna céadta roimhe sin. Chonaic roinnt daoine a rugadh sa tréimhse seo, athrú ó shaol a bhí beagnach meánaoiseach go saol ina raibh leictreachas, teicneolaíocht agus riarachán lárnach i réim ann. Gnéithe den saol laethúil agus iad ina bpáistí, ní raibh ach meathchuimhne orthu in imeacht aon ghlúin amháin.

Faoin tuath tháinig an bungaló le díon slinne nó tíleanna in áit an tí cinn tuí. Bhí obair an chapaill á déanamh ag tarracóir. D'éirigh sé chomh hannamh sin glasraí a fhás don bhord go raibh fiú feirmeoirí ag ceannach feola, prátaí, glasraí, arán agus bainne – rudaí a tháirgtí ar an bhfeirm roimhe sin. Ó thaobh na siamsaíochta sa bhaile de, bhí an teilifís agus an raidió ag teacht i réim agus ba chuid den stair é an seanchaí ansin. Bhí sé ag éirí níos coitianta carr a bheith ag teaghlach agus b'annamh a rachadh daoine ag rothaíocht nó ag siúl (seachas mar chaitheamh aimsire). Ba rud an-eisceachtúil é carr capaill a fheiceáil níos mó.

Bhí an t-aistriú ón tuath chuig na bailte is na cathracha agus an imirce go tíortha eile ag dul ar aghaidh go leanúnach. Mar sin féin, ag amanna áirithe ba bheag nár stop an imirce agus le blianta beaga anuas tá go leor daoine ag filleadh abhaile ón iasacht.

Tá lucht na mbailte ag tógáil tithe faoin tuath níos minice anois agus taistealaíonn siad chuig an láthair oibre, sa chaoi go bhfuil tithe nua ag teacht aníos i ngach áit. Cé go bhfuil an fheirmeoireacht an-tábhachtach go fóill, tá athrú tagtha uirthi. Glacann go leor feirmeoirí beaga le poist sna bailte agus bíonn siad ag feirmeoireacht go páirtaimseartha. Tá na feirmeacha móra éirithe níos mó, níos meicniúla agus níos speisialaithe. I bpobail áirithe cois chósta tá níos mó den iascaireacht thráchtála ar bun. Anois níos mó ná riamh, is mó de phearsa bhéaloideas é an feirmeoir/iascaire.



Bhí an leictreachas á chur ar fáil do thithe faoin tuath ó dheireadh na 1920idí amach. Tithe ceann tuí ag Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath, i ngrianghraf a tógadh i 1943

Tá athrú tagtha ar an soláthar a dhéantar don oideachas agus don tsláinte agus tá réimse seirbhísí sóisialta níos leithne ann anois. Tá spiorad an mheithil imithe i léig sa phobal áitiúil agus tá roinnt mhaith de na sean traidisiúin dúchais marbh, gan áit anois acu ach sa mhúsaem. Ach mar sin féin níl na traidisiúin dhúchais caillte ar fad. Tá tábhacht níos mó anois le roinnt féilte cosúil leis an Nollaig, Féile na Samhna agus Lá Fhéile Pádraig (ach faoi thionchar tráchtála go minic). Tá athbheochan tagtha ar an gceol traidisiúnta.

Tá an-chuid de chiúnas na tuaithe caillte. Níos minice anois bíonn crónán leanúnach tráchta ar bhóithre gnóthacha le cloisteáil sa chúlra. Ach tá cuid den uaigneas caillte ag an tuath chomh maith. Tá tithe soilsithe go geal ag leictreachas i ngach áit. Tugann an teilifís, an raidió, córais fuaime agus an tIdirlíon saol fíorúil chuig tithe.





Teach nua-aimseartha agus teach traidisiúnta ag Acaill, Co. Mhaigh Eo, 2004


Tá an saol cultúrtha athraithe. Bhí cainteoirí dúchais na Gaeilge ag dul i léig i gcónaí san fhichiú aois. Tá lagú ar fhoirmeacha áitiúla cainte agus ar chanúintí an Bhéarla chomh maith, mar go bhfuil oideachas níos lárnaí ann agus de bharr thionchair an raidió, na teilifíse agus an tsaoil uirbigh go ginearálta. D'fhan cleachtadh an reiligiúin láidir ar feadh go leor den tréimhse ach tá an ról a bhí ag na heaglaisí in go leor réimsí, cosúil le hoideachas agus cúram sláinte, laghdaithe.

Thar rud ar bith eile, tá fáil níos mó ar airgead. Ciallaíonn sé seo go bhfuil fáil níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí. San iomaí slí anois tá saol na tuaithe cosúil le saol na cathrach. Tá sé bunaithe a bheag nó a mhór ar an teicneolaíocht, seachas ar shean traidisiún áitiúil.

*Visit our other Museum sites*







**Archaeology**
Kildare Street,
Dublin 2

**Natural History**
Merrion St
Dublin 2

**Decorative Arts & History**
Collins Barracks,
Benburb Street,
Dublin 7

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Archaeology
Natural History
Decorative Arts & History
Country Life

National Museum of Ireland
Country Life
Turlough Park,
Castlebar,
County Mayo

Telephone: 353 94 903 1755
Fax: 353 94 903 1628
E-mail: tpark@museum.ie
www.museum.ie

ISBN 978-0-901777-77-5
9 780901 777775